ORDÚ NA CÚIRTE (an tOchtú Dlísheomra)

26 Feabhra 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Ceisteanna ar féidir an freagra orthu a thuiscint go soiléir ó chásdlí reatha na Cúirte nó a admháil nach bhfuil aon amhras réasúnach ann – Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme – Airteagal 54 – Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Prionsabal *ne bis in idem* – Raon feidhme – Breithiúnas lena n-ordaítear duine a chur chuig saoráid do chiontóirí a bhfuil meabhairghalar orthu – Fionraí faoi réir cóireáil leighis a chur ar an duine sin)

I gCás C-766/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Protodikeio Peiraios (Trimeles Plimmeleiodikeio Peiraios) [Cúirt Piraeus (triúr breitheamh Chúirt Choiriúil Piraeus), an Ghréig], trí chinneadh an 26 Feabhra 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 5 Samhain 2024, sna himeachtaí coiriúla i gcoinne

AB,

idiragraithe:

Eisaggelia Protodikon Peiraia,

CD,

EF,

GH,

IJ,

KL,

tugann AN CHÚIRT (an tOchtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas S. Rodin, Uachtarán Dlísheomra, C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán an Tríú Dlísheomra, agus O. Spineanu-Matei, Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: A. Biondi,

* Teanga an cháis: an Ghréigis.

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, rialú a thabhairt trí ordú réasúnaithe, i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais,

an tOrdú seo a leanas:

Ordú

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú an phrionsabail *ne bis in idem* i ndlí an Aontais.

2 Rinneadh an t-iarratas in imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh i gcoinne AB le haghaidh coirloscadh.

An dlí lena mbaineann

3 Foráiltear le hAirteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO 2000 L 239, lch. 19), arna shíniú in Schengen an 19 Meitheamh 1990, agus a tháinig i bhfeidhm an 26 Márta 1995 (‘an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme’):

‘Ní fhéadfaidh Páirtí Conarthach eile duine a mbeidh breithiúnas críochnaitheach tugtha air ag Páirtí Conarthach a ionchúiseamh as na gníomhartha céanna, ar choinníoll, i gcás ciontú, go bhfuil an pionós forchurtha nó á fhorghníomhú faoi láthair nó nach féidir é a fhorghníomhú a thuilleadh faoi dhlíthe an Pháirtí Chonarthaigh a chiontaigh é.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

4 An 15 Nollaig 2018, chuir AB, a raibh cónaí uirthi i Vín (an Ostair), tine d’aon ghnó le bád i muiríne Glyfada (an Ghréig). Scrios an tine an bád sin agus rinneadh damáiste do bheirt eile.

5 Tionscnaíodh imeachtaí coiriúla i leith na ngníomhartha sin i gcoinne AB sa Ghréig agus san Ostair araon.

6 Tar éis scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas an cháis, thug Landesgericht Wiener Neustadt (an Chúirt Réigiúnach, Wiener Neustadt, an Ostair) breithiúnas (‘breithiúnas an 18 Feabhra 2020’) inar chinn sé go ndearna AB na gníomhartha ar cúisíodh í ina leith agus, dá mba rud é nár measadh go raibh easpa freagracht choiriúil ar an gcosantóir, gurbh ionann na gníomhartha sin agus cion coire, dá bhforáiltear in Airteagal 169(1) de Chód Coiriúil na hOstaire agus atá inphionóis le téarma príosúnachta níos faide ná bliain amháin. Mar sin féin, chinn an chúirt nach raibh an cosantóir freagrach go coiriúil toisc, ag an am ábhartha, go raibh sí ag fulaingt ó ghéarshícóis i gcomhthéacs scitsifréine.

7 Chinn an chúirt sin freisin, mar gheall ar a staid mheabhrach, gur dócha go ndéanfadh AB cionta coiriúla eile. Dá réir sin, d’ordaigh sí í a chimiú chuig saoráid do chiontóirí a bhfuil tinneas meabhrach orthu.

8 Sa chás sin, chuir an chúirt an beart cimithe sin ar fionraí go coinníollach ar feadh tréimhse phromhaidh 5 bliana. Leis na coinníollacha a ghabhann leis an bhfionraí sin, ceanglaíodh ar AB dul faoi chóireáil chógaisíochta, ar thaobh amháin, faoi réir seiceálacha rialta, uair sa mhí ar a laghad, chomh maith le cóireáil shíciteiripeach leanúnach agus, ar an taobh eile, cóireáil shíciatrach gach 4 seachtaine ag ionad síciatrach fóiréinseach. Chomhlíon AB na coinníollacha sin go dtí an 6 Nollaig 2022 ar a laghad.

9 Tar éis d'Oifig Ionchúisitheora Phoiblí na hOstaire agus AB a gceart chun na leigheasanna dlí atá ar fáil dóibh a fheidhmiú a tharscaoileadh, rinneadh breithiúnas críochnaitheach de bhreithiúnas an 18 Feabhra 2020.

10 Os comhair Protodikeio Peiraios (Trimeles Plimmeleiodikeio Peiraios) [tribunal du Pirée (Cúirt Piraeus (triúr breitheamh Chúirt Choiriúil Piraeus), an Ghréig], arb í an chúirt a rinne an tarchur í, iarrann AB, trína dhlíodóir, deireadh a chur leis na himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh ina coinne sa Ghréig. Mar a príomh-argóint, ardaíonn sí pléadáil *res judicata*. Áitíonn sí gurb ionann breithiúnas an 18 Feabhra 2020, a bhaineann leis na gníomhartha céanna atá i gceist sna príomhimeachtaí, agus ciontú a bhfuil feidhm ag Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus ag Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') maidir leis. Mar mhalairt air sin, maíonn an cosantóir nach féidir freagracht choiriúil a chur uirthi as na gníomhartha a bhfuil sí cúisithe ina leith.

11 Áitíonn an t-ionchúisitheoir poiblí, le tacaíocht ó na páirtithe sibhialta, eadhon úinéirí na soithí lena mbaineann, nach bhfuil aon chiontú sa bhreithiúnas seo, ós rud é gur chinn Landesgericht Wiener Neustadt (an Chúirt Réigiúnach, Wiener Neustadt) go raibh easpa feasacht ag AB ag an am ábhartha agus, dá bhrí sin, ordaíodh beart teiripeach.

12 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, ina theannta sin, go gcuireann an breithiúnas sin fionraíocht choinníollach ar an mbeart seo. I bhfianaise na mbreithnithe sin go léir, fiosraíonn an chúirt a rinne an tarchur faoi léiriú an phrionsabail *ne bis in idem*, mar a chumhdaítear in Airteagal 50 den Chairt.

13 Sna himthosca sin, chinn Protodikeio Peiraios (Trimeles Plimmeleiodikeio Peiraios) [Cúirt Piraeus (triúr breitheamh Chúirt Choiriúil Piraeus), an Ghréig)] bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An bhfuil feidhm ag an bprionsabal *ne bis in idem* freisin maidir le breithiúnas críochnaitheach nó neamh-inchúlghairthe ó chúirt choiriúil de chuid Ballstáit eile den Aontas, tar éis ionchúiseamh i leith na ngníomhartha céanna, ina n-aithníonn an chúirt sin, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar fhíorais an cháis agus tar éis di a chinneadh nach féidir freagracht choiriúil a chur ar an gcosantóir, go ndearna an cosantóir an gníomh ar ionchúisíodh é ina leith ach go bhforchuireann sí beart teiripeach air, eadhon ciontú i saoráid do chiontóirí a bhfuil tinneas meabhrach orthu, lena mbaineann cailleadh saoirse an chosantóra i gcoinne a thola nó a tola? Is é sin le rá, an "pionós" é an beart teiripeach a fhorchuirtear ar an gcaoi sin agus an meastar, i gcás den sórt sin, gur "ciontú" é an breithiúnas?

(2) An mbeadh an freagra ar an gceist roimhe seo éagsúil dá gcuirfeadh an breithiúnas thuasluaite an beart teiripeach ar fionraí faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíon an cosantóir?'

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

14 De bhun Airteagal 99 de na Rialacha Nós Imeachta, nuair is féidir freagra ar cheist a tarchuireadh chun réamhrialú a rianú go soiléir ón gcásdlí atá ann nó nuair nach féidir aon amhras réasúnach a cheadú sa fhreagra ar cheist den sórt sin, féadfaidh an Chúirt, tráth ar bith, ar thogra ón mBreitheamh is Rapóirtéir, agus tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a rialú cinneadh a thabhairt trí ordú réasúnaithe.

15 Ní mór an fhoráil sin a chur i bhfeidhm sa chás seo.

16 De réir cásdlí socair, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuirtear chuici a athfhoirmliú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go measann an Chúirt Bhreithiúnais gur gá forálacha dhlí an Aontais a chur san áireamh nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh i bhfoclaíocht a ceiste. Féadfaidh an Chúirt na pointí léirithe go léir a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair le linn breithniú a dhéanamh ar an gcás os a comhair a chur ar fáil don chúirt a rinne an tarchur, cibé acu ar tharchuir sí chucu i bhfoclaíocht a ceiste nó nár tharchuir. Chuige sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, ag féachaint ar an ábhar go léir a sholáthair an chúirt náisiúnta, agus go háirithe an t-ábhar sa ráiteas ar na cúiseanna leis an ordú tarchuir, na heilimintí de dhlí an Aontais is gá a léiriú i bhfianaise ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí a tharraingt amach (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Confédération paysanne (Melúin agus trátaí ón Sahára Thiar)*, C-399/22, EU:C:2024:839, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

17 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur diúscraíodh triail AB ar deireadh san Ostair, Ballstát a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme. Tá an duine sin á ionchúiseamh i leith na ngníomhartha céanna ag Ballstát eile a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, tagann an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, faoina 'ní fhéadfaidh Páirtí Conarthach eile duine a mbeidh breithiúnas críochnaitheach tugtha air ag Páirtí Conarthach a ionchúiseamh as na gníomhartha céanna, ar choinníoll, i gcás ciontú, go bhfuil an pionós forchurtha nó á fhorghníomhú faoi láthair nó nach féidir é a fhorghníomhú a thuilleadh faoi dhlíthe an Pháirtí Chonarthaigh a chiontaigh é'.

18 Is cásdlí socair é freisin nach mór Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme a léiriú i bhfianaise Airteagal 50 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Deireadh Fómhair 2023, *INTER CONSULTING*, C-726/21, EU:C:2023:764, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

19 Sna himthosca sin, tá an Chúirt den tuairim, trína ceisteanna, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, arna léamh i bhfianaise Airteagal 50 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar Bhallstát imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne duine a bhfuil drochamhras ann go ndearna sé cion, i gcás inar chinn cúirt de chuid Ballstáit eile, le breithiúnas atá críochnaitheach, go ndearna an duine sin na gníomhartha céanna leis na gníomhartha ba bhun leis na himeachtaí sin, gur dhearbhaigh sí nach féidir freagracht choiriúil a chur ar an duine sin mar gheall ar riocht síciatrach agus gur ordaigh sí dó nó di saoráid a chur ar fáil do chiontóirí a

bhfuil meabhairghalar orthu, i gcás inar cuireadh an beart cimithe sin ar fionraí go coinníollach ar feadh tréimhse phromhaidh 5 bliana agus gur comhlíonadh na coinníollacha a ghabhann leis sin, eadhon nach mór cóireáil leighis a chur ar an duine lena mbaineann.

20 Sa chéad háit, is léir ó Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme go bhfuil feidhm ag an Airteagal sin ní hamháin i gcás inar gearradh pionós ar dhuine ach freisin, ar bhonn níos ginearálta, maidir le staid aon duine a ndearnadh a thriail a dhiúscairt go críochnaitheach.

21 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt cheana féin go bhfuil sé d'aidhm ag Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme a áirithiú go bhféadfaidh duine, tar éis dó nó di a bheith ciontach agus a phianbhreith nó a pianbhreith a chur isteach, nó, de réir mar a bheidh, éigiontaithe le breithiúnas críochnaitheach i mBallstát, taisteal laistigh de limistéar Schengen gan eagla a bheith air nó uirthi go ndéanfar é nó í a ionchúiseamh i mBallstát eile i leith na ngníomhartha céanna (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *Volkswagen Group Italia et Volkswagen Aktiengesellschaft*, C-27/22, EU:C:2023:663, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).

22 Ar an gcaoi chéanna, faoi Airteagal 50 den Chairt, ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh é nó í go críochnaitheach san Aontas i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí.

23 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil cur i bhfeidhm an phrionsabail *ne bis in idem* faoi réir coinníoll dúbailte, eadhon, ar thaobh amháin, nach mór cinneadh críochnaitheach a bheith ann roimh ré (an coinníoll '*bis*') agus, ar an taobh eile, nach mór baint a bheith ag an gcinneadh roimh ré agus ag na himeachtaí nó na cinntí ina dhiaidh sin leis na fíorais chéanna (an coinníoll '*idem*') (breithiúnas an 25 Eanáir 2024, *Parchetul de pe lângă Curtea de Apel Craiova*, C-58/22, EU:C:2024:70, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Ar thaobh amháin, comhlíontar an coinníoll '*idem*' sa chás seo, ós rud é gur chinn an chúirt a rinne an tarchur gurb ionann na gníomhartha is ábhar do bhreithiúnas an 18 Feabhra 2020 agus iad siúd is ábhar don ionchúiseamh sna príomhimeachtaí.

25 Ar an taobh eile, maidir leis an gcoinníoll '*bis*', chun go measfaí gur thug cinneadh rialú críochnaitheach ar na fíorais atá faoi réir an dara sraith imeachtaí, ní mór an cinneadh sin a bheith críochnaitheach agus tar éis cinneadh a bheith déanta maidir le tuillteanais an cháis (féach, chuige sin, breithiúnais an 29 Meitheamh 2016, *Kossowski*, C-486/14, EU:C:2016:483, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 14 Meán Fómhair 2023, *Volkswagen Group Italia et Volkswagen Aktiengesellschaft*, C-27/22, EU:C:2023:663, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Is amhlaidh an cás anseo. Is léir ón iarraidh ar réamhrialú go raibh AB, san Ostair, ina ábhar d'imeachtaí coiriúla as ar eascair breithiúnas an 18 Feabhra 2020, a tháinig chun bheith críochnaitheach. Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur tugadh an breithiúnas sin tar éis tuillteanais an cháis a mheas agus go bhfuil, ar thaobh amháin, cinneadh ann go ndearna an cosantóir gníomhartha arbh ionann iad, dá mba rud é nár measadh go raibh easpa freagracht choiriúil uirthi, agus coirloscadh, agus, ar an taobh eile, cinneadh maidir le dliteanas coiriúil an chosantóra.

27 Sa dara háit, in imthosca an cháis seo, ní gá a chinneadh an breithiúnas ina ‘fhorchuireadh pionós’ de réir bhrí Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme é breithiúnas lena n-ordaítear duine a chimiú chuig saoráid do chiontóirí a bhfuil meabhairghalar orthu, lena ngabhann fionraí choinníollach.

28 Chinn an Chúirt cheana féin nach leagtar síos leis an Airteagal sin ach an coinníoll gur forfheidhmíodh an ‘pionós’, go bhfuil sé á fhorfheidhmiú nó nach féidir é a fhorfheidhmiú a thuilleadh faoi dhlíthe an Stáit Chonarthaigh tionscnaimh (‘an coinníoll forfheidhmiúcháin’). Dá bhrí sin, ní féidir an tagairt do ‘phionós’ a léiriú ar bhealach ina bhfuil cur i bhfeidhm an Airteagail sin, seachas i gcás inar forchuireadh pionós, faoi réir coinníoll breise (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Meitheamh 2016, *Kossowski*, C-486/14, EU:C:2016:483, míreanna 40 agus 41).

29 Sa chás seo, is léir, cé go mbaineann breithiúnas an 18 Feabhra 2020, i gcoinne AB, le ‘ciontú’ lena ngabhann ‘pionós’ de réir bhrí Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, go gcomhlíontar an coinníoll maidir le forfheidhmiú. Chinn an Chúirt gurb ionann pianbhreith ar fionraí agus ‘pionós’ de réir bhrí Airteagal 54. Ní mór breathnú ar an bpionós sin mar phionós ‘atá á fhorfheidhmiú i ndáiríre’ a luaithe a bheidh an phianbhreith in-fhorfheidhmithe agus le linn na tréimhse promhaidh. Ina dhiaidh sin, nuair a bheidh deireadh leis an tréimhse phromhaidh, ní mór an pionós a mheas mar phionós ‘a forfheidhmíodh’ de réir bhrí na forála sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Iúil 2007, *Kretzinger*, C-288/05, EU:C:2007:441, mír 42).

30 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir na cúirte a rinne an tarchur, gur comhlíonadh na coinníollacha a ghabhann leis an bhfionraí choinníollach atá i gceist sna príomhimeachtaí, eadhon nach mór don duine lena mbaineann dul faoi chóireáil leighis, go dtí an 6 Nollaig 2022 ar a laghad. Ina theannta sin, ní léir ón iarraidh ar réamhrialú gur sháraigh AB na coinníollacha sin ina dhiaidh sin nó nach raibh sí tiomanta do shaoráid do chiontóirí a bhfuil meabhairghalar orthu tar éis sárú den sórt sin.

31 Dá bhrí sin, fiú ag glacadh leis go bhfuil ‘ciontú’ lena ngabhann ‘pionós’ i mbreithiúnas an 18 Feabhra 2020, de réir bhrí Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, bheadh ‘pionós’ den sórt sin ‘sáraithe’, de réir bhrí an Airteagail sin, dá dtiocfadh deireadh leis an tréimhse phromhaidh gan na coinníollacha maidir le fionraíocht choinníollach a bheith sáraithe, nó go mbeadh sé ‘i gcúrsa a fhorghníomhaithe faoi láthair’, de réir bhrí an Airteagail sin, dá ndéanfaí AB a imtheorannú i mbunaíocht do chiontóirí a bhfuil tinneas meabhrach orthu tar éis sárú den sórt sin.

32 Chun freagra iomlán a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, ba cheart a lua go bhféadfadh bonn cirt a bheith le teorannú ar an bprionsabal *ne bis in idem*, a chumhdaítear in Airteagal 50 den Chairt, ar bhonn Airteagal 52(1) de (bhreithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *Volkswagen Group Italia agus Volkswagen Aktiengesellschaft*, C-27/22, EU:C:2023:663, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Ós amhlaidh atá, mar a luaitear i mír 17 den Ordú seo, tagann an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme. Ní fhoráiltear san Airteagal sin d’aon teorannú ar an bprionsabal *ne bis in idem* seachas an coinníoll forfheidhmithe, is infheidhme i gcás inar forchuireadh pionós, a chinn an Chúirt a bheith i gcomhréir le hAirteagal 50 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Bealtaine 2014, *Spasic*, C-129/14 PPU, EU:C:2014:586, míreanna 55 agus 74). Dá bhrí sin, níl Airteagal 52 den Chairt ábhartha sa chás seo.

34 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, arna léamh i bhfianaise Airteagal 50 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar Bhallstát imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne duine a bhfuil amhras faoi go ndearna sé cion, i gcás inar chinn cúirt de chuid Ballstáit eile, le breithiúnas atá tagtha chun bheith críochnaitheach, go ndearna an duine sin na gníomhartha céanna leis na gníomhartha ba bhun leis na himeachtaí sin, gur dhearbhaigh sí nach féidir freagracht choiriúil a chur ar an duine sin mar gheall ar riocht síciatrach agus gur ordaigh sí é nó í a chimiú chuig saoráid do chiontóirí a bhfuil meabhairghalar orthu, i gcás inar cuireadh an beart sin ar fionraí go coinníollach ar feadh tréimhse phromhaidh 5 bliana agus gur comhlíonadh na coinníollacha a ghabhann leis sin, eadhon nach mór cóir leighis a chur ar an duine lena mbaineann.

Costais

35 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, arna shíniú in Schengen an 19 Meitheamh 1990 agus a tháinig i bhfeidhm an 26 Márta 1995, arna léamh i bhfianaise Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc ar Bhallstát imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne duine a bhfuil drochamhras ann go ndearna sé cion, i gcás inar chinn cúirt de chuid Ballstáit eile, le breithiúnas atá críochnaitheach anois, go ndearna an duine sin na gníomhartha céanna leis na gníomhartha ba chúis leis na himeachtaí sin, gur dhearbhaigh sí nach féidir freagracht choiriúil a chur ar an duine sin mar gheall ar riocht síciatrach agus gur ordaigh sí é nó í a chimiú chuig saoráid do chiontóirí a bhfuil meabhairghalar orthu, i gcás inar cuireadh an beart cimithe sin ar fionraí go coinníollach ar feadh tréimhse phromhaidh 5 bliana agus gur comhlíonadh na coinníollacha a ghabhann leis sin, eadhon nach mór don duine lena mbaineann dul faoi chóireáil leighis.

Sínithe